Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Eanáir 2022
(OR. en)

5133/22

LIMITE

CORLX 6
CFSP/PESC 12
COASI 2
CSC 5

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 5.

---

Faoi iamh: HR(2022) 5

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 07/01/2022**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin**

## HR(2022) 5

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN GCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2022]**

**maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES[1] maidir le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin a cheapadh. Cuireadh síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin go deireanach le Cinneadh (CBES) 2017/289[2] ón gComhairle, go dtí an 31 Lúnasa 2017.

(2) An 30 Bealtaine 2007, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES[3] maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin) a bhunú. Cuireadh síneadh leis an misean go deireanach le Cinneadh (CBES) 2016/2040 ón gComhairle[4], go dtí an 15 Meán Fómhair 2017.

(3) An 1 Bealtaine 2021, chuir an Taliban tús le hionsaí agus thosaigh siad ag gabháil smacht ar líon mór dúichí san Afganastáin, líon a chuaigh i méid de réir a chéile. An 15 Lúnasa 2021, ghabh fórsaí Taliban ceannas ar Chabúl.

(4) Mar a thug an Chomhairle dá haire ina ráiteas ar an staid mar a bhí san Afganastáin an 31 Lúnasa 2021, *"tugadh tús áite agus leanfar de thús áite a thabhairt d'aslonnú ár saoránach agus, a mhéid ab fhéidir, d'aslonnú náisiúnach Afganastánach agus a dteaghlaigh a chomhoibrigh leis an Aontas agus lena Bhallstáit."*

---

[1] IO L 326, 11.12.2001, lch. 1.

[2] IO L 42, 18.2.2017, lch. 13.

[3] IO L 139, 31.5.2007, lch. 33.

[4] IO L 314, 22.11.2016, lch. 20.

(5) An 15 Meán Fómhair 2021, sna conclúidí uaithi maidir leis an Afganastáin, thug an Chomhairle dá haire *"ó mhí Lúnasa 2021 i leith, rinne an comhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, comhiarracht, faoi chúinsí fíordheacra, na mílte saoránach de chuid an Aontais agus náisiúnach tríú tír a aslonnú, lena n-áirítear Afganastánaigh a bhí ag obair do mhisin taidhleoireachta agus Afganastánaigh eile a bhí i mbaol, siocair baint a bheith acu, ar bhonn prionsabail, lenár gcomhluachanna.' Ba léiriú ceart é sin ar dhlúthpháirtíocht an Aontais. "*

(6) Sna cúinsí eisceachtúla sin, ón 1 Meitheamh 2021 ar aghaidh, tá an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tar éis aslonnú Afganastánach a eagrú, go háirithe na hAfganastánaigh sin a d'oibrigh d'Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin nó do EUPOL Afganastáin, chomh maith le haslonnú Afganastánach fíorleochaileach eile a chomhoibrigh leis an Aontas, agus a ngarghaolta cleithiúnacha. Ba cheart leanúint den aslonnú sin i rith na bliana 2022.

(7) Ba cheart tacú le haslonnú den sórt sin arna eagrú agus arna bhainistiú ag SEGS le gníomhaíocht oibríochtúil faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

**Airteagal 1**

**Cuspóirí agus raon feidhme**

1. Tacóidh an tAontas leis an aslonnú ón Afganastáin, idir an 1 Meitheamh 2021 agus an 31 Nollaig 2022, i gcás:

   a) iar-bhaill fhoireann Ionadaí Speisialta an Aontaigh Eorpaigh san Afganastáin;

   b) iar-bhaill fhoireann EUPOL Afganastáin;

   c) daoine fíorleochaileacha eile, ar a n-áirítear:

   – oifigigh nó gairmithe eile atá gníomhach in earnáil na polaitíochta nó na slándála san Afganastáin (amhail breithiúna, ionchúisitheoirí, póilíní, pearsanra míleata agus iriseoirí), ar cuireadh oiliúint orthu nó a raibh baint acu le cur chun feidhme bheartais an Aontais;
   – baill d'fhoireann iar-sholáthróirí EUPOL Afganastáin agus d'fhoireann Ionadaí Speisialta an Aontaigh Eorpaigh san Afganastáin;
   – baill d'fhoireann sholáthróirí thoscaireacht an Aontais i gCabúl, atá fostaithe sa cháil sin le linn tréimhse idir an 16 Lúnasa 2019 agus an 15 Lúnasa 2021.



PUBLIC

PUBLIC

   d) céilí cleithiúnacha, iníonacha, mic, deirfiúracha neamhphósta, máithreacha agus aithreacha daoine a bhaineann le catagóirí a), b) nó c).

2. Déanfaidh SEGS, faoi údarás an Ardionadaí, an t-aslonnú dá dtagraítear i mír 1 a eagrú agus a bhainistiú.

3. Tá liosta de na daoine atá incháilithe don aslonnú seo curtha ar bun ag SEGS amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2021. Féadfaidh SEGS é a leasú i gcomhréir le mír 1.

4. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

**Airteagal 2**

**Socruithe airgeadais**

1. EUR XX a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an ghníomhaíocht reatha a chur chun feidhme.

2. Bainisteofar an caiteachas go léir i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le SEGS.

**Airteagal 3**
**Teacht i bhfeidhm agus ré**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*